

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14436/26

CONOP 70
CFSP/PESC 1657
COARM 191

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an seachtú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Gnáth-Arm Áirithe (CCW)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an seachtú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Toirmisc nó Srianata ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCQ), mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ag an 4201ú cruinniú a bhí aici, a tionóladh an 12 Deireadh Fómhair 2026.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**MAIDIR LEIS AN SEACHTÚ COMHDHÁIL ATHBHREITHNIÚCHÁIN AR
AN gCOINBHINSIÚN MAIDIR LE TOIRMISC NÓ SRIANTA AR ÚSÁID GNÁTH-ARM
ÁIRITHE A MHEASFAÍ A BHEITH RÓDHÍOBHÁLACH NÓ A MEASFAÍ ÉIFEACHTAÍ
NEAMH-IDIRDHEALAITHEACHA A BHEITH ACU (CCW)**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an seachtú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar an gCoinbhinsiún maidir le Toirmisc nó Srianta ar Úsáid Gnáth-Arm Áirithe a mheasfaí a bheith Ródhíobhálach nó a measfaí Éifeachtaí Neamh-Idirdhealaitheacha a bheith acu (CCW) a bheidh ar siúl sa Ghinéiv an 16-20 Samhain 2026. Tá an tAontas Eorpach tiomanta go hiomlán do rannchuidiú ar bhealach cuiditheach chun go mbeidh toradh rathúil ar an seachtú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar CCW. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici gur thairg an Eilvéis a bheith i gceannas ar an gComhdháil Athbhreithniúcháin ar CCW agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí réidh chun tacú leis an Uachtaránacht le linn na Comhdhála sin.
2. Beidh an Chomhdháil Athbhreithniúcháin ar siúl i gcomhthéacs ina bhfuil an timpeallacht slándála dhomhanda ag dul in olcas, lena n-áirítear cogadh iomlán an-fhíochmhar ar theorainneacha an Aontais Eorpaigh, chomh maith le dul chun cinn tapa i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a bhfuil aird agus freagraí ag teastáil ina leith. I bhfianaise an mhéid sin, is deis í an Chomhdháil Athbhreithniúcháin chun feabhas práinneach a chur ar na hiarrachtaí chun cur chun feidhme CCW a neartú. Ba cheart é a bheith ina thosaíocht ag an gComhdháil Athbhreithniúcháin a áirithiú go gcaomhnófar agus go neartófar a thuilleadh éifeachtacht an Choinbhinsiúin amach anseo, lena n-áirítear trína chinntiú go mbeidh an Coinbhinsiún freagrúil i gcónaí d'fhorbairtí nua agus do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
3. Meabhraítear don Chomhairle gur príomhionstraimí don dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) iad CCW agus na Protacail a ghabhann leis agus gur dlúthchuid den dlí sin iad. Déanann an méadú atá ag teacht ar úsáid gnáth-arm áirithe i gcoinne pobail agus bonneagar sibhialta dochar daonnúil scanrúil, go háirithe i gceantair uirbeacha, agus teastaíonn freagairt phráinneach ina leith. Meabhraíonn an Chomhairle an oibleagáid DDI a urramú agus a áirithiú go n-urramófar i ngach cás é. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas agus a Bhallstáit DDI a urramú agus a chomhlíonadh go hiomlán, chomh maith le leanúint de bheith ag cloí go hiomlán le Treoirlínte an Aontais maidir le comhlíonadh DDI a chur chun cinn.
4. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur fóram idirnáisiúnta uathúil é CCW lena mbailítear saineolas taidhleoireachta, dlíthiúil agus míleata, agus gur fóram iomchuí é chun freagairt d'fhorbairtí meara i réimse na teicneolaíochta arm, agus ar an gcaoi sin, trína shainordú, go rannchuidíonn sé le cosc a chur ar fhulaingt sibhialtach agus comhraiceoirí araon, agus go laghdaíonn sé an fhulaingt sin.

5. Meabhraítear don Chomhairle na dúshláin a bhaineann le hairm a mheastar a bheith ródhíobhálach nó a meastar éifeachtaí neamh-idirdhealaitheacha a bheith acu agus ról CCW maidir le haghaidh a thabhairt orthu trí shrianta a ghlacadh ar úsáid arm sonrach nó ar thoirmeasc arm sonrach.
6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá uiliú an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal a ghabhann leis agus meabhraítear di iarrachtaí an Aontais i ndáil leis an méid sin. D'fhoill na nearta agus éifeachtacht an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal a ghabhann leis a fheabhsú, molann an Chomhairle do na Stáit uile nach ndearna amhlaidh go fóill dul isteach in CCW agus sna Prótacail a ghabhann leis gan a thuilleadh moille.
7. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá plé cuimsitheach maidir le CCW, ag tabhairt dá haire an ról lárnach atá ag rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara uile agus ag saineolas teicniúil na mbreathnóirí i dtaca le raon feidhme na díospóireachta ar CCW a leathnú agus tuiscint chuimsitheach ar na saincheisteanna casta atá á mbreithniú a áirithiú. Leagann an Chomhairle béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta i ndáil leis an méid sin.
8. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht agus cothú muiníne i gcur chun feidhme CCW agus a Phrótacal agus molann sí do na hArdpháirtithe Conarthacha a n-oibleagáidí dlíthiúla, tuairiscithe náisiúnta agus teicniúla a chur chun feidhme, chun ráta agus cáilíocht a dtuairiscithe náisiúnta a fheabhsú, agus tuilleadh plé a dhéanamh ar chur chun feidhme náisiúnta.
9. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair atá déanta ag an nGrúpa Saineolaithe Rialtais maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse na gcóras arm uathrialaitheach marfach. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhdhearcadh ar tháinig an Grúpa Saineolaithe Rialtais air maidir le sraith gnéithe d'ionstraim, gan dochar dá cineál, agus do bhearta eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Is ábhar misnigh é an comhaontú maidir leis an saintréithriú; cur i bhfeidhm phrionsabail agus cheanglais DDI agus an gá atá lena áirithiú go gcomhlíonfar iad; gnéithe a bhaineann le toirmisc shonracha, ceanglais shonracha agus bearta sonracha maolaithe riosca, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an ngné dhaonna; agus cuntasacht agus freagracht. Ní mór iad sin go léir a bheith mar bhonn do shainordú amach anseo.
10. Is garspriocanna tábhachtacha iad an t-aon treoirphrionsabal déag agus an comhaontú ar thángthas air maidir leis an tsraith gnéithe d'ionstraim agus bearta eile a d'fhéadfadh a bheith ann. Léiríonn siad bunús leordhóthanach chun creat rialachais oibríochtúil agus dlíthiúil a bhunú. Gabhann an Chomhairle buíochas leis an gCathaoirleach In den Bosch, Ambasadóir de chuid Ríocht na hÍsiltíre, as an gceannaireacht den scoth a léirigh sé ar an nGrúpa Saineolaithe Rialtais maidir le córais arm uathrialaitheach marfach le 3 bliana anuas.
11. Cuireann an Chomhairle i bhfios gurb é CCW an fóram idirnáisiúnta ábhartha maidir le córais arm uathrialaitheach marfach, agus tá sí ag súil go nglacfaidh Comhdháil Athbhreithniúcháin 2026 sainordú caibidlíochta uaillmhianach don Ghrúpa Saineolaithe Rialtais chun an obair ar ionstraim a thabhairt ar aghaidh, gan dochar dá cineál, ag tógáil ar an tsraith gnéithe d'ionstraim agus ar bhearta eile a d'fhéadfadh a bheith ann a ceapadh sa tuarascáil is déanaí ón nGrúpa Saineolaithe Rialtais maidir le córais arm uathrialaitheach marfach agus ar thorthaí eile a eascraíonn as próiseas an Ghrúpa Saineolaithe Rialtais.
12. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór an príomhcheanglas maidir le rialú agus breithiúnas daonna a choinneáil ar feadh shaolré na gcóras arm uathrialaitheach marfach. Thairis sin, ní féidir cuntasacht agus freagracht a aistriú chuig meaisíní, agus dá bhrí sin ní mór a áirithiú gur daoine a ghlacfaidh freagracht as cinntí maidir le húsáid fórsa agus gurb iadsan a bheidh cuntasach as na cinntí sin, chun comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, go háirithe DDI, a chaomhnú.

13. Meabhraítear don Chomhairle go dtacaíonn sí leis an gcur chuige dhá shraith ina leagtar amach toirmeasc ar chórais arm uathrialaitheach marfach nach féidir a úsáid i gcomhréir le ceanglais agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus rialáil na gcóras arm uathrialaitheach marfach eile.
14. Tá an Chomhairle ag súil le tuilleadh oibre chun cur chun feidhme oibríochtúil láidir na ngnéithe arna gcomhaontú a áirithiú. Thairis sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go dtugtar aghaidh freisin ar an ngá atá le hathbhreithniú dlíthiúil ar na córais arm uathrialaitheach marfach agus le measúnú dlíthiúil i gcás modhnuithe substainteacha ar shaintréithe na gcóras sin.
15. Maidir le Prótacal Leasaithe II, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis inní di an úsáid leanúnach atá á baint as mianaigh, bobghaistí agus feistí eile is cúis le fulaingt an duine agus díobháil don duine, lena n-áirítear an tionchar tromchúiseach domhanda atá ag gairis phléascacha sheiftithe (IEDanna) i gcónaí chomh maith lena n-úsáid neamh-idirdhealaitheach agus leis na héifeachtaí neamh-idirdhealaitheacha a bhaineann leo, go háirithe gníomhartha sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus IEDanna arna n-úsáid ag gníomhaithe neamhstáit. Déanann úsáid mhéadaitheach IEDanna i gcoinne pobail shibhialtacha, bonneagar sibhialtach agus réada sibhialtacha, lena n-áirítear córais cúraim sláinte, dochar daonnúil scanrúil, go háirithe i gceantair uirbeacha, agus teastaíonn freagairt phráinneach ina leith. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil gá le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar chosc, ullmhacht agus freagairt chun dul i ngleic leis an mbagairt dhomhanda agus go bhfuil gá le comhordú ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tacaíocht sheanbhunaithe d'iarrachtaí fothaithe acmhainneachta náisiúnta agus d'oibríochtaí daonnúla dímhianaithe ar fud an domhain chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt na IEDanna.
16. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur gá an earnáil phríobháideach a rannpháirtiú go gníomhach, go háirithe táirgeoirí agus dáileoirí ábhar réamhtheachtach chun IEDanna a tháirgeadh, chun a n-atreorú chuig úsáideoirí deiridh neamhúdaráithe a chosc. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh bearta láidre náisiúnta ann chun atreorú arm agus réamhtheachtaithe pléascán chuig gníomhaithe sceimhlitheoireachta a chosc agus a stopadh.
17. Leagann an Chomhairle béim ar an tionchar daonnúil agus ar na hiarmhairtí tromchúiseacha ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch atá ann mar thoradh ar úsáid neamh-idirdhealaitheach díréireach mianach seachas mianaigh fhrithphearsanra (MOTAPM). Aithníonn an Chomhairle gur airm dhlisteanacha iad MOTAPM, ach go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Páirtithe a áirithiú go n-úsáidfear iad i gcomhréir le DDI, lena n-áirítear trí gach réamhchúram is féidir a ghlacadh, chun saoránaigh a chosaint ar éifeachtaí na n-arm sin. Tathantaíonn an Chomhairle ar na hArdpháirtithe Conarthacha tuilleadh plé a dhéanamh ar conas a áirithiú go gcomhlíonfar Prótacal Leasaithe II, agus i dtaca le MOTAPM freisin, agus iarrann sí go gcoinneofar MOTAPM ar chlár oibre CCW i gcónaí chun a áirithiú gur féidir leis na hArdpháirtithe Conarthacha leanúint den ábhar a mheas ar bhealach cuiditheach trédhearcach.
18. I ndáil le Prótacal III, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis inní di an méadú atá tagtha ar úsáid arm loiscneach i gcoinne sibhialtach nó cuspóirí míleata atá suite i gcomhchruinniú de shibhialtaigh, agus cáineann sí an méadú sin, agus go bhfuil éifeachtaí cruálacha agus fulaingt dho-ghlactha mar thoradh ar a n-úsáid neamh-idirdhealaitheach.
19. Is oth go mór leis an gComhairle gur baineadh saincheistean Phrótacal III de chlár oibre CCW agus iarrann sí go gcuirfí ar ais ann iad, ós rud é gur cheart díospóireacht struchtúrtha a dhéanamh ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis na prótacail uile a ghabhann leis.

20. Maidir le Prótacal V, meabhraíonn an Chomhairle go bhfuil fuílligh phléascacha chogaidh (ERW) ina mbagairt oidhreacht a gcónaí ó choinbhleacht armtha, agus go bhfuil siad ina nguais mharthanach do shibhialtaigh, lena n-áirítear leanaí, i bhfad tar éis deireadh a theacht leis an gcogaíocht. Cuireann an Chomhairle i bhfios go gcuireann ERW moill mhór ar iarrachtaí atógála agus go gcuireann sé bac ar fhorbairt shocheacnamaíoch agus ar na hiarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bhíonn acu ar an gcomhshaol.
21. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar úsáid cineálacha éagsúla mianach ar fud an domhain, lena n-áirítear mianaigh fhrithphearsanra, cnuasmhuinisín, agus airm phléascacha eile, go háirithe mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá rún daingean ag an gComhairle i gcónaí seasamh leis na coinbhinsiúin ábhartha agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta chun an creat comhchoiteann slándála, ar bunchloch de iad, a chaomhnú.
22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta leanúint de thacaíocht leanúnach sheasta a chur ar fáil d'oibríochtaí imréitigh, d'oideachas maidir le rioscaí agus do chúnamh d'íospartaigh chun tairbhí nithiúla a chur ar fáil do phobail i limistéir atá buailte, rud a chruthóidh deiseanna nua fáis agus cobhsaíochta.
23. Meabhraítear don Chomhairle gur sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar cogadh neamhdhleathach gan údar é, lena n-áirítear ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus ar oibleagáidí na Rúise faoi CCW agus faoi roinnt dá phrótacail, agus freisin gur tubaiste dhaonnúil é don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.
24. A mhéid a bhaineann le cúrsaí riaracháin, airgeadais agus eagrúcháin, tá sé rithábhachtach i gcónaí go n-íocann na hArdpháirtithe Conarthacha na ranníocaíochtaí bliantúla, ina n-iomláine agus in am, chun feidhmiú éifeachtach an Choinbhinsiúin agus na bPrótacal a ghabhann leis, chomh maith le hobair an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme, a áirithiú. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na hArdpháirtithe Conarthacha uile a n-oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh go tráthúil agus a ranníocaíochtaí éigeantacha a íoc in am agus ina n-iomláine. Maidir le riar agus cur chun feidhme CCW agus na bPrótacal a ghabhann leis, molann an Chomhairle do na Náisiúin Aontaithe a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme go héifeachtúil agus go héifeachtach.
25. Is mian leis an gComhairle a athdhearbhú go bhfuil sí tiomanta gné na hinscne a phríomhshruthú sna hiarrachtaí dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm uile i gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le rún ghaolmhara, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban in CCW a chur chun cinn.
26. Ar deireadh, is mian leis an gComhairle a mheabhrú go bhfuil athnuachan déanta aici ar a tacaíocht airgeadais d'Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme CCW arb ionann í agus EUR 1.3 milliún thar thréimhse 3 bliana trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2025/2322 ón gComhairle an 13 Samhain 2025. Cuireann sé sin leis an gcistiú ón Aontas roimhe seo do CCW agus is é is aidhm dó acmhainneachtaí na Stát a neartú chun cosaint sibhialtach a fheabhsú agus tionchar na dteicneolaíochtaí gnáth-arm agus na dteicneolaíochtaí arm atá ag teacht chun cinn a mhaolú. Is léiriú é an cinneadh sin ar a thábhachtaí atá an t-iltaobhachas, ord domhanda riailbhunaithe agus an dlí idirnáisiúnta don Aontas, chomh maith lena thábhachtaí atá sé cuspóirí CCW a chur chun feidhme ar bhealach fóna.
-